



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022  
(OR. en)

9925/22  
ADD 1

LIMITE

MAMA 84  
MED 29  
EG 12  
ENER 287  
CLIMA 274

## NÓTA

---

ó:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Ráiteas Comhpháirteach maidir le Fuinneamh agus an Aeráid - Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a shíniú - <i>Ráiteas ó thoscaireacht na Gearmáine</i>

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na Gearmáine maidir leis an ábhar thuasluaite.

**RÁITEAS ÓN NGEARMÁIN**

Tacaíonn an Ghearmáin leis an rún chun Dearbhú Comhphárteach a bheith ann leis an Éigipt maidir leis an bhfuinneamh agus leis an aeráid agus le MT tríthaobhach leis an Éigipt agus le hIosrael maidir le GNL ach is cúis aiféala di nár ceadaíodh leis an bpróiseas go gcuirfí an Chomhairle san áireamh go substaintiúil agus go cuí sa chaibidlíocht, ag cur i bhfios go láidir nach formáid fuinnimh pholaitiúil í meitheal na Comhairle, an Mheitheal um an Maisreic/an Maghraib, inar cheart na MTanna agus na Dearbhuithe Comhphárteacha sin a phlé amháin.

Baineann an MT agus an Dearbhú Comhphárteach araon le leasanna fuinnimh polaitiúla idirnáisiúnta na mBallstát, agus is ar an gcúis sin is mian leis an nGearmáin an Coimisiún a ghríosú feabhas a chur ar an gcomhordú idir é féin agus na Ballstáit i gcúrsaí den sórt sin.

---